



PREASEISIÚINT Uimh. 45/26

Lucsamburg, 24 Márta 2026

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-521/21 | Rzecznik Praw Obywatelskich (Gnáthbhreitheamh a scaoileadh ó chás)

An Smacht Reachta: ní leor neamhrialtacht a rinneadh le linn ceapachán breithimh, ann féin, chun a chinneadh nach bhfuil an breitheamh sin neamhspleách, tá gá le measúnú foriomlán ar na gnéithe uile a bhaineann le ceapachán an bhreithimh sin

Ní leor, iontu féin, rannpháirtíocht Chomhairle Náisiúnta Bhreithiúna na Polainne, a bunaíodh mar chuid de leasú ar chóras breithiúnach na Polainne, sa nós imeachta chun breitheamh a cheapadh, ná easpa leigheas breithiúnach éifeachtach d'iarrthóirí nár éirigh leo, chun an breitheamh sin a scaoileadh ó chás

Sa Pholainn, d'iarr páirtí i dtrial shibhialta go ndéanfaí an breitheamh, atá freagrach as an gcás, a scaoileadh ó chás, tar éis do Chomhairle Náisiúnta na mBreithiúna ('KRS') a cheapachán a mholadh, nár thug a chomhdhéanamh nua ráthaíochtaí leordhóthanacha maidir le neamhspleáchas ar na cumhachtaí feidhmiúcháin agus reachtacha. Tugann Cúirt Bhreithiúnais le fios nach mór do chúirteanna náisiúnta a bheith in ann, i gcomhthéacs nós imeachta um scaoileadh ó chás, athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an nós imeachta chun bhreithiúna a cheapadh agus a fhíorú an gcomhlíonann siad na ceanglais a eascraíonn as dlí an Aontais. Dar leis an gCúirt, ní fhéadfaidh ach neamhrialtachtaí lena bhféadfaí, de bharr a nádúir agus a dtromchúise, agus iad á mbreithniú ina n-iomláine, fíorbhaol a chruthú go gcuirfeadh brainsí eile cumhachta isteach ar an bpróiseas ceapacháin agus go n-eascródh, in aigne daoine aonair, amhras réasúnach maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an bhreithimh lena mbaineann, amhras a chaitheamh ar cheanglas binse arna bhunú roimh ré le dlí. Ní leor rannpháirtíocht KRS, ina chomhdhéanamh nua, sa nós imeachta ceapacháin, ná easpa leigheas breithiúnach éifeachtach d'iarrthóirí nár éirigh leo, cibé acu ina n-aonar nó le chéile, chun a rialú nach mór an breitheamh lena mbaineann a scaoileadh ó chás.

D'iarr ceann de na páirtithe i bpróiseas sibhialta os comhair cúirte de chuid na Polainne go ndéanfaí an breitheamh a bhí freagrach as an gcás a scaoileadh ó chás, ag áitiú go raibh a cheapachán don phost sin neamhbhaílí.

Tá an t-éileamh sin bunaithe ar an bhfíoras gur mhol KRS a iarrthóireacht, ina chomhdhéanamh nua mar thoradh ar athchóiriú ar chóras breithiúnach na Polainne a raibh fadhbanna ag baint leis maidir le neamhspleáchas breithiúnach agus luach an smachta reachta a áirithiú. Go deimhin, bhí rialú déanta ag an gCúirt gur bunaíodh an comhlacht sin de sháru ar bhunphrionsabail bhunreachtúla dhlí na Polainne agus nár ráthaigh sé an neamhspleáchas agus an neamhchlaontacht a cheanglaítear, go háirithe, faoi dhlí an Aontais ¹. Ina theannta sin, toirmeasctar le dlí na Polainne ar chúirteanna náisiúnta measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an nós imeachta chun breithiúna a cheapadh. Baineann an toirmeasc seo le Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí Chúirt Uachtarach na Polainne, cé gurb í an t-aon chúirt sa Pholainn a bhfuil dlínse aici maidir breitheamh a scaoileadh ó chás bunaithe ar easpa neamhspleáchais, chomh maith le hachomhairc arna thabhairt ag iarrthóirí nár éirigh leo i gcomhthéacs nós imeachta chun breitheamh a cheapadh. Ina theannta sin, tá an Dlísheomra sin comhdhéanta freisin de bhreithiúna arna gceapadh ar mholadh KRS, ina chomhdhéanamh nua ².

Rinne an chúirt a scrúdaíonn an t-iarratas ar scaoileadh ó chás an t-ábhar a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais. Is mian léi a fháil amach an féidir foirmiú cúirte, lena n-áirítear breitheamh arna cheapadh tar éis imeachtaí a bhaineann le KRS, ina chomhdhéanamh nua, agus leigheas breithiúnach éifeachtach á bhaint d'iarrthóirí nár éirigh leo, a mheas mar bhinse

neamhspleách neamhchlaon, arna bhunú roimh ré le dlí, de réir bhrí dhlí an Aontais ³.

Tugann an Chúirt le fios go bhfuil an nós imeachta chun breithiúna a cheapadh faoi réir coimircí iomchuí chun cosc a chur ar aon chur isteach ar a neamhspleáchas agus a neamhchlaontacht. Dá bhrí sin, **ní mór do chúirteanna náisiúnta a bheith in ann dlisteanacht an nós imeachta ceapacháin a athbhreithniú agus a fhíorú an gcomhlíonann an breitheamh lena mbaineann an ceanglas maidir le binse neamhspleách neamhchlaon arna bhunú roimh ré le dlí** ⁴.

Ina dhiaidh sin, sonraíonn an Chúirt nach féidir ach neamhrialtachtaí lena bhféadfaí, de bharr a nádúir agus a dtromchúise, agus iad á mbreithniú ina n-iomláine, fíorbhaol a chruthú go gcuirfeadh brainsí eile cumhachta isteach ar an bpróiseas ceapacháin agus go n-eascródh, in aigne daoine aonair, amhras réasúnach maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an bhreithimh lena mbaineann, amhras a chaitheamh ar cheanglas binse arna bhunú roimh ré le dlí. Dá bhrí sin, ní mór don chúirt náisiúnta a éistean an t-iarratas ar scaoileadh ó chás **measúnú a dhéanamh ar na himthosca go léir a bhaineann leis an gceapachán sin chun a fháil amach an bhféadfadh siad a bheith ina gcúis le hamhras den sórt sin do shaoránaigh**. Mar sin féin, measann an Chúirt **nach leor rannpháirtíocht KRS, ina chomhdhéanamh nua, sa nós imeachta ceapacháin ná easpa leigheas breithiúnach éifeachtach d'iarrthóirí nár éirigh leo – cibé acu a mheastar iad ina n-aonar nó le chéile – chun a rialú nach mór an breitheamh lena mbaineann a scaoileadh ó chás**.

Ar deireadh, measann an Chúirt, chun muinín an phobail as an gcóras breithiúnach a athbhunú agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar prionsabal dheighilt na gcumhachtaí, **gur faoin bPolainn atá sé creat reachtach a bhunú lena bhféadfar, i bhfianaise chineál agus thromchúis na neamhrialtachtaí a rinneadh le linn an nós imeachta chun breithiúna a cheapadh, measúnú a dhéanamh ar na féidearthachtaí do dhaoine a ceapadh go neamhrialtach chuig poist bhreithiúnacha leanúint dá ndualgais a chomhlíonadh** ⁵.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóide os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar [‘Europe by Satellite’](#) ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ Féach, chuige sin, breithiúnas na Cúirte an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, [C-791/19](#) (féach preaseisiúint [Uimh. 130/21](#)).

² Breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *Krajowa Rada Sądownictwa (Breitheamh a fhanacht i seilbh a oifige)*, [C-718/21](#) (féach preaseisiúint [Uimh. 206/23](#)).

³ An dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE agus Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

⁴ I mbreithiúnas an 5 Meitheamh 2023, *an Coimisiún v an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*, [C-204/21](#) (féach freisin preasráiteas [Uimh. 89/23](#)), chinn an Chúirt, i measc nithe eile, gur theip ar an bPolainn a cuid oibleagáidí faoin dlí an Aontais a chomhlíonadh trí chosc a ghlacadh ar chúirteanna náisiúnta comhlíonadh na gcoinníollacha sin a scrúdú.

⁵ Ceapadh níos mó ná 3 000 breitheamh, is é sin le rá thart ar 30 % de lucht breithiúnach na Polainne, ar thogra ó KRS ina chomhdhéanamh nua, comhdhéanamh a ardaíonn amhras dlisteanach maidir lena neamhspleáchas.